# Straitéis Chorparáideach

## 2025—2028

**EARCAÍOCHT A DHÉANAMH GO DIONGBHÁILTE:**

Straitéis maidir le lucht saothair atá réidh don todhchaí a sholáthar don tseirbhís phoiblí

poistphoiblí
publicjobs

# Clár na n-ábhar

03 Réamhrá ón gCathaoirleach

04 Réamhrá ón bPOF

05 An domhan athraitheach mórthimpeall orainn

06 Ár ndúshlán

07 Ár ndeis

08 Ár mandáid

09 Ár misean agus ár bhfís

10 Ár luacanna

11 Ár dtosaíochtaí straitéiseacha

16 Ár n-áisitheoirí

17 Ár slata tomhais maidir le torthaí a bhaint amach

# Réamhrá ón gCathaoirleach **Tom Moran**



Údar mór bróid dom é ár Straitéis Chorparáideach 2025–2028, Earcaíocht a Dhéanamh go Diongbháilte: Straitéis maidir le Lucht Saothair atá Réidh don Todhchaí a Sholáthar don Earnáil Phoiblí, a chur i láthair. Léiríonn an plean misniúil agus réamhbhreathnaitheach seo ár dtiomantas daingean don bharr feabhais i dtaca le hearcaíocht seirbhíse poiblí.

Mar Chathaoirleach, is mór an onóir dom tacú le heagraíocht ag a mbíonn ról fíorthábhachtach maidir le todhchaí Státseirbhís agus Sheirbhís Phoiblí na hÉireann a mhúnlú, trína chinntiú go meallann muid daoine a bhfuil an cumas, an t-ionracas, agus an díograis acu chun freastal ar an náisiún.

Tá an straitéis seo á cur amach ag am ríthábhachtach. Tá poistphoiblí á fhorbairt chun dul i ngleic le hathruithe sochaíocha, teicneolaíochta agus le hathruithe sa lucht saothair, agus, ag an am céanna, tá muid ag cloí lenár bpríomhluachanna, is iad sin: iontaoibh, ionchuimsiú, nuálaíocht, ceannaireacht, barr feabhais, agus béim ar chustaiméirí.

Tá an Bord ag tacú go hiomlán leis an treo straitéiseach a leagtar amach anseo, a chuireann daoine ag croílár na hoibre—iarrthóirí a bhfuil gairmeacha fiúntacha sa tseirbhís phoiblí á lorg acu agus na cliaint a bhíonn ag brath orainn chun seirbhísí earcaíochta straitéiseacha suaithinseacha a chur ar fáil.

Leag poistphoiblí caighdeán ard amach, agus, tríd an straitéis seo a chur i bhfeidhm, leanfaidh muid ar aghaidh leis an obair atá á déanamh againn chun treoir a thabhairt go diongbháilte, chun ár rialachas a neartú, agus chun cultúr ina bhfuil solúbthacht, freagrúlacht, agus uaillmhian chun tosaigh a chothú.

Ar son an Bhoird, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an bhfoireann cheannaireachta, leis na baill foirne, na cliaint, agus na hiarrthóirí a chabhróidh linn an fhís chomhroinnte seo a bhaint amach.

# Réamhrá ón bPOF **Margaret McCabe**



Mar POF poistphoiblí, tá bród orm ár Straitéis Chorparáideach 2025–2028 a chur i láthair — fís straitéiseach a léiríonn cé muidne inniu agus an áit ar mhaith linn a bheith amach anseo. Tá muid chun tosaigh san earcaíocht seirbhíse poiblí, agus bíonn muinín ag daoine asainn de bharr ár saineolais, tá dea-cháil orainn de bharr ár nuálaíochta, agus bíonn meas ag daoine orainn de bharr an róil a bhíonn againn maidir le lucht saothair a sholáthraíonn ar son na hÉireann a fhorbairt.

In 2024, bhí comóradh céad bliain againn, a rinne ceiliúradh ar 100 bliain d'earcaíocht láraithe sa Státseirbhís, agus ar chosaint phrionsabail an cheapacháin neamhspleách atá bunaithe ar fhiúntas. Baineadh éachtaí suntasacha amach le roinnt blianta anuas agus is féidir linn breathnú siar orthu agus a bheith bródúil astu mar eagraíocht, agus cuireadh tionscnaimh agus tionscadail straitéiseacha éagsúla i bhfeidhm.

Bronnadh gradam Inclusio i réimse na hÉCI ar poistphoiblí in 2025 agus ba mhór an onóir é sin. Bhuaigh ár gcreat inniúlachta gradam sa chatagóir Lucht Saothair na Todhchaí ag Gradaim na Státseirbhíse um Barr Feabhais agus Nuálaíocht, 2025. Ina theannta sin, rinne poistphoiblí urraíocht ar an ngradam d'Eagraíocht Seirbhíse Poiblí na Bliana ag na Gradaim Náisiúnta um Éagsúlacht agus Ionchuimsiú, 2025. Lean muid ar aghaidh leis an obair a bhíonn á déanamh againn i gcónaí chun torthaí a bhaint amach dár gcliaint ar scála mór trínár ngníomhaíochtaí earcaíochta. Mar bhealach isteach chuig gairm sa tseirbhís phoiblí, bhí muid dírithe ar a chinntiú go gcuireann poistphoiblí seirbhís nua-aoiseach agus ghairmiúil ar fáil. Trí athchóiriú a dhéanamh ar ár n-oifigí, trí athnuachan a dhéanamh ar ár mbranda agus trí rolladh amach ár n-ardáin earcaíochta nua, cuireann muid íomhá leanúnach, nua-aoiseach agus inrochtana de Státseirbhís agus de Sheirbhís Phoiblí fhorásach agus nuálach chun cinn anois.

Inár straitéis, Earcaíocht a Dhéanamh go Diongbháilte: Straitéis maidir le lucht saothair atá réidh don todhchaí a sholáthar don tseirbhís phoiblís leagtar amach aidhm shoiléir: a bheith mar chéad rogha do chliaint, mar ionad de rogha do chuardaitheoirí poist, agus an caighdeán is airde a bhaint amach i dtaca le hearcaíocht earnála poiblí. Tá áisitheoirí cumhachtacha mar bhonn faoi na tosaíochtaí seo — ár ndaoine agus ár gcultúr, an úsáid a bhaineann muid as an teicneolaíocht agus ár struchtúir rialachais. Tá infheistíocht á déanamh againn san athchóiriú agus sa bharr feabhais seirbhíse chun freastal ar riachtanais ár gcliant agus ár n-iarrthóirí, a bhíonn ag athrú i gcónaí, agus chun tacú le seirbhís phoiblí atá réidh don todhchaí.

Trí chomhoibriú straitéiseach, trí bharr feabhais oibríochta, agus trí theagmháil leanúnach, cuirfidh muid lenár dtionchar, cothóidh muid muinín, agus cuirfidh muid ionchuimsiú chun cinn i ngach aistear earcaíochta. Spreagann díograis ár bhfoirne agus tábhacht ár misin mé chuile lá. Cuirfidh muid an straitéis seo i bhfeidhm le chéile agus leanfaidh muid ar aghaidh leis an obair a bhíonn á déanamh againn i gcónaí chun a chinntiú go mbíonn gairmeacha seirbhíse poiblí ar fáil agus fiúntach do chuile dhuine.

# An domhan athraitheach **mórthimpeall orainn**

Tá poistphoiblí tiomanta d'acmhainní a fháil do Státseirbhís agus do Sheirbhís Phoiblí na hÉireann chun gur féidir leis na réimsí seo a bheith solúbtha, acmhainneach agus réidh don todhchaí

Tá athchóiriú mór millteach ar siúl sa domhan de bharr cúrsaí geopholaitíochta, a bhíonn ag síorathrú, de bharr an athraithe aeráide, de bharr athruithe sa tsochaí, de bharr fhorbairt sciobtha na teicneolaíochta agus de bharr na hintleachta saorga. Tá tuiscint nua á chruthú ar chúrsaí eacnamaíochta, ar mhargaí fostaíochta, agus ar an iomaíochas domhanda de bharr na bhfórsaí seo.

Beidh tionchar suntasach ag na hathruithe seo ar Éirinn, mar gheilleagar beag oscailte ar chósta thiar na hEorpa, agus beidh tionchar ag na dúshláin agus na deiseanna a bhainfidh leo uirthi chomh maith.

Bíonn athruithe ag teacht ar an margadh earcaíochta agus ar shaol na hoibre i gcónaí, de bharr athruithe sna nithe a mbíonn an lucht saothair ag súil leo, de bharr athruithe déimeagrafacha, agus de bharr teicneolaíochtaí nua a bhíonn á gcur i bhfeidhm. Tá dúshláin shuntasacha earcaíochta agus choinneála roimh neart fostóirí agus tionscal éagsúil de bharr ganntanas sa lucht saothair domhanda agus deiseanna d'fhostaithe. Tá acmhainneacht le brath i ngeilleagar na hÉireann go fóill; tá lánfhostaíocht againn, agus tá níos mó daoine ag obair anois ná mar a bhí ag pointe ar bith eile i stair an Stáit.


Tá éigeanntacht ann go fóill, áfach. Meastar go bhfuil idir chúinsí dearfacha agus chúinsí diúltacha le brath sa mhargadh fostaíochta ginearálta in Éirinn, agus ní mór d'fhostóirí iarrachtaí sa bhreis a dhéanamh chun daoine cumasacha a mhealladh agus teagmháil a dhéanamh le grúpaí nua, agus, ag an am céanna, ní mór dóibh a léiriú go bhfuil luach ina réimse chun baill foirne a choinneáil.

Mar sholáthraí láraithe seirbhísí earcaíochta, measúnaithe agus roghnaithe don Státseirbhís agus don tSeirbhís Phoiblí in Éirinn, ní mór do poistphoiblí a bheith réidh, a bheith in ann freastal ar riachtanais agus éilimh an domhain seo, a bhíonn ag síorathrú, chun gur féidir linn ár mandáid agus ár misean a bhaint amach.

Sna trí bliana atá romhainn, ní mór dúinn a léiriú arís go bhfuil muid tiomanta do bharr feabhais a bhaint amach dár gcliaint agus dár n-iarrthóirí i ngach réimse oibre dár gcuid. Cinnteoidh muid go bhfuil poistphoiblí mar chéad rogha do chliaint, go bhfuil sé mar phointe tosaithe do chuardaitheoirí poist, agus go bhfuil sé mar ionad bairr feabhais i dtaca le hearcaíocht seirbhíse poiblí.



# Ár **ndúshlán**




Bíonn bainisteoirí earcaíochta agus cuardaitheoirí poist ag súil le taithí earcaíochta shaoráideach, éifeachtach, agus phearsantaithe.

Bíonn poistphoiblí dírithe ar ár gcumas iarrthóirí ardchaighdeáin a bhfuil scileanna tábhachtacha acu a mhealladh. Tugann ár dtaighde le fios gur féidir le hobair fhiúntach agus le héagsúlacht i róil na daoine sin atá ag obair san earnáil phríobháideach faoi láthair a mhealladh i dtreo gairmeacha sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí. Tá muid tiomanta teagmháil a dhéanamh le grúpaí éagsúla a bhfuil scileanna acu atá dírithe ar an todhchaí, trí chonairí tallainne agus trí bhealaí iontrála eile.

Tá béim á leagan in poistphoiblí go fóill ar éifeachtacht oibríochta, mar aon leis an ngá atá ann feabhas a chur ar thaithí an chustaiméara agus ar an gcaoi a ndéanann muid cumarsáid le grúpaí éagsúla faoi róil, faoi ranna, agus faoi eagraíochtaí. Aithníonn muid an tábhacht a bhaineann le teicneolaíochtaí nua a chomhtháthú agus le modheolaíochtaí earcaíochta nua-aoiseacha, forásacha a úsáid chun seirbhís earcaíochta sciobtha ardchaighdeáin a chur ar fáil — agus na hiarrthóirí is fearr a mheaitseáil le poist ag an am céanna.

Mar chomhpháirtithe sa phróiseas earcaíochta, tá sé fíorthábhachtach go bhfuil sé de chumas ag ár gcliaint ról gníomhach a ghlacadh maidir le dea-thorthaí a bhaint amach.

# Ár **ndeis**



Tá ról fíorthábhachtach ag poistphoiblí go fóill maidir le seirbhís láraithe earcaíochta, mheasúnaithe agus roghnaithe a chur ar fáil don Státseirbhís agus don tSeirbhís Phoiblí. Le 100 bliain anuas, d'fhorbair muid dea-cháil láidir de bharr ár gcleachtas earcaíochta neamhspleách atá bunaithe ar fhiúntas.

Sna blianta atá romhainn, beidh an deis againn luach leanúnach na seirbhísí a chuireann muid ar fáil do chliaint agus d'iarrthóirí a léiriú, agus a léiriú arís go bhfuil muid tiomanta dár bpríomhphrionsabail agus dár bpríomhluachanna mar eagraíocht agus, ag an am céanna, a chinntiú go seasfaidh ár seirbhísí an aimsir chun freastal ar éilimh an lae inniu.

Mar earcaitheoir seirbhíse poiblí, tá fís maidir le hearcaíocht a dhéanamh bunaithe ar na scileanna agus na hinniúlachtaí a bheidh ag teastáil amach anseo mar bhonn faoinár gcuid oibre. Bíonn iarrthóirí a bhfuil na scileanna acu chun dul i ngleic le dúshláin na todhchaí ag súil leis go ndéanfar measúnú orthu trí mhodheolaíochtaí earcaíochta nua-aoiseacha. Ní thugann modhanna atá 'oiriúnach do chuile dhuine' an tsolúbthacht atá ag teastáil chun lucht saothair seirbhíse poiblí a earcú, lucht saothair atá ag éirí níos speisialaithe. De bharr go bhfuil oideachas an-mhaith ar lucht saothair na hÉireann, tá deis shuntasach againn a chinntiú go meallann muid daoine cumasacha chun freastal ar éilimh an lae inniu. Tá deis againn an chaoi a ndéanann muid gairmeacha a fhógairt a fhorbairt agus mealladh tallainne a chur chun cinn chun ár sciar den mhargadh a mhéadú. Déanfaidh muid teagmháil ghníomhach le grúpaí nua ina bhfuil níos mó éagsúlachta le brath, agus cuirfidh muid an luach agus na deiseanna forbartha a bhaineann le gairm sa tseirbhís phoiblí in iúl chun iarrthóirí díograiseacha, diongbháilte a lorg.

Bíonn taithí an chliaint ag croílár ár ngníomhaíochtaí. Leanfaidh muid ar aghaidh leis an obair a bhíonn á déanamh againn chun an chaoi a ndéanann muid comhpháirtíocht le cliaint a fheabhsú, chun ár mbonn custaiméirí a neartú agus a fhorbairt. Cuirfidh muid barr feabhais san earcaíocht chun cinn ar bhealach leanúnach trí éilimh a bheidh ann amach anseo a aithint, trí threochtaí a thuar, trí leas a bhaint as sonraí chun tuiscint níos fearr a fháil ar an margadh agus tríd an gcaighdeán a leagan amach don earcaíocht i seirbhís phoiblí na hÉireann, chun tacú le lucht saothair na todhchaí.

Tá muid uaillmhianach maidir le cultúr ceannródaíoch a fhorbairt san ionad oibre — cultúr a fhreastalaíonn ar riachtanais ár ndaoine agus ina dtugtar tacaíocht d'fhorbairt leanúnach agus d'uasoiliúint na ndaoine sin, de réir tosaíochtaí eagraíochta. Trí athruithe a dhéanamh ar ár gcóras agus ár struchtúir ghnó, cinnteoidh muid go bhfuil poistphoiblí dinimiciúil agus solúbtha maidir le dul i ngleic le riachtanais na gcustaiméirí agus le fórsaí sa mhargadh, a bhíonn ag síorathrú.

Tugann cur i bhfeidhm ár n-ardáin earcaíochta nua, agus an chumhacht a bhaineann le teicneolaíocht chlaochlaitheach deis shuntasach dúshláin a shárú, rioscaí a bhainistiú, agus an leas is fearr a bhaint as soláthar seirbhíse. Ligfidh sé dúinn feabhas a chur ar an gcaoi a bhforbraíonn muid ár n-eagraíocht agus seirbhísí níos pearsantaithe a chur ar fáil do chliaint agus d'iarrthóirí.

Mar ionad bairr feabhais san earcaíocht seirbhíse poiblí, tugann ár bhfeidhm thaighde agus chomhairleach deis dúinn cur le beartas, tuiscintí a roinnt, agus feidhmiú mar chomhairleoir iontaofa. Cinntíonn muid go dtacaíonn agus go dtagann ár gcuid oibre le straitéisí ginearálta Státseirbhíse agus Seirbhíse Poiblí, go háirithe i réimse na hathnuachana agus an athchóirithe, i dtaca le conairí agus bealaí iontrála nua, i dtaca le cumas sa Ghaeilge, agus i réimse an chomhionannais, na héagsúlachta agus an ionchuimsithe.

# Ár **mandáid**



Tugtar mandáid do poistphoiblí faoi na hAchtanna um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004-2013. Bunaíodh é chun feidhmiú mar chomhlacht láraithe earcaíochta, measúnaithe agus roghnaithe don Státseirbhís agus don tSeirbhís Phoiblí, chun a chinntiú go gcoinnítear na caighdeáin ionracais, fiúntais, chothromais agus chothroime a leagtar amach sa Chód Cleachtais a leagann an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CCSP) amach.

Déantar an chuid is mó d'fheachtais earcaíochta poistphoiblí faoin gCód Cleachtais. Maidir leis na feachtais sin nach dtagann faoi scáth an Chóid, cuireann muid ár dtreoirlínte féin i bhfeidhm, atá bunaithe ar na prionsabail agus ar an meon céanna. Bíonn ról ag an eagraíocht chomh maith maidir le daoine oiriúnacha a aithint do cheapacháin ar Bhoird Stáit.

Faoinár mandáid reachtúil, ní mór dúinn muid féin a choinneáil ar an eolas faoi dhea-chleachtas i ngach réimse den earcaíocht, den mheasúnú agus den roghnú. Bunaithe ar an eolas seo, tugann muid comhairle agus cuireann muid sainseirbhísí ar fáil, lena n-áirítear taighde agus forbairt, do chomhlachtaí Státseirbhíse agus Seirbhíse Poiblí. Léiríonn an straitéis seo na freagrachtaí sin agus léiríonn sí ár dtiomantas iad a chomhlíonadh. Agus ár mandáid á cur i bhfeidhm, tá muid tiomanta do rialachas láidir a thagann leis na nithe lena bhfuil páirtithe leasmhara ag súil agus a chloíonn lenár ndualgais ag leibhéal an bhaile agus an AE.

Oibríonn muid laistigh de chreat leathan de reachtanna, de pholasaithe, de chóid chleachtais agus de straitéisí náisiúnta agus de chuid an AE, i réimsí éagsúla a bhaineann leis an margadh fostaíochta, le scileanna a fhorbairt, leis an gcomhionannas, leis an éagsúlacht agus an ionchuimsiú, agus leis an nGaeilge. Mar eagraíocht, tá muid tiomanta ár ndualgais a chomhlíonadh agus treoir a thabhairt agus ár misean á bhaint amach againn, is é sin:

"Daoine éagsúla a earcú don tseirbhís phoiblí ag a bhfuil an cumas, ar a bhfuil dea-cháil agus ag a bhfuil an díograis chun soláthar ar son na hÉireann.'

Tá ár ndualgais faoi reachtaíocht chuí i dtaca le comhionannas, cearta an duine, agus Teangacha Oifigiúla mar bhonn faoin straitéis seo, lena n-áirítear ár ndualgas cloí le Dualgas na hEarnála Poiblí maidir le Comhionannas agus Cearta an Duine. Forbraíodh í de réir straitéisí ginearálta náisiúnta agus státseirbhíse agus seirbhíse poiblí chomh maith, lena n-áirítear Seirbhísí Poiblí Níos Fearr – Straitéis Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí, 2030, mar aon le straitéisí agus treoracha cuí i dtaca le cúrsaí digiteacha agus sonraí. Tugann an straitéis seo tacaíocht do chur i bhfeidhm Chlár an Rialtais agus do chur i bhfeidhm straitéisí náisiúnta a bhaineann leis an obair a dhéanann muid, go háirithe maidir le comhionannas, le héagsúlacht agus le hionchuimsiú — a leagtar amach go mion sa Chreat Forfheidhmithe Straitéise.

# Ár misean

Daoine éagsúla a earcú don tseirbhís phoiblí ag a bhfuil an cumas, ar a bhfuil an dea-cháil agus ag a bhfuil an díograis chun soláthar ar son na hÉireann.

# Ár bhfís

Aitheanta mar ionad bairr feabhais san earcaíocht, as a bhfuil muinín ag na daoine ar a bhfreastalaíonn muid.

# Ár Luachanna



# Ár dtosaíochtaí straitéiseacha

Is é poistphoiblí **an t-ionad barr feabhais d'earcaíocht seirbhíse poiblí**

Tá poistphoiblí **mar chéad rogha do chliaint**

Is le poistphoiblí **a chuireann cuardaitheoirí poist tús lena gcuardach**

# Tá poistphoiblí **mar chéad rogha do chliaint**

Tá sé mar aidhm againn a bheith mar sholáthraí earcaíochta de rogha don Státseirbhís agus don tSeirbhís Phoiblí, a bhfuil na scileanna, an cumas agus an ghairmiúlacht aige muinín na gcliant a chothú i dtaca le barr feabhais a sholáthar san earcaíocht, caighdeáin earcaíochta a ardú, agus tacú leis an Státseirbhís trí dhaoine cumasacha a aimsiú.

Tabharfaidh poistphoiblí tacaíocht ghníomhach do chur i bhfeidhm Chlár an Rialtais. Cuirfidh muid feachtais earcaíochta spriocdhírithe ar siúl chun daoine cumasacha a mhealladh do gach réimse a aithnítear i gClár an Rialtais, lena n-áirítear an phíblíne thallainne a fheabhsú don Gharda Síochána agus don tSeirbhís Phríosúin agus poist thábhachtacha a líonadh i bhFSS. Leanfaidh muid ar aghaidh leis an obair a bhíonn ar siúl againn chun tacú le córais phrintíseachta agus intéirneachta sa státseirbhís; agus chun tacú le tionscnaimh chun líon na seirbhíseach poiblí agus na státseirbhíseach ó mhionlaigh eitneacha agus faoi mhíbhuntáiste a mhéadú.

Ina theannta sin, tabharfaidh muid tacaíocht don chlár um phleanáil don lucht saothair chun na córais soláthair foirne is fearr a aithint san earnáil phoiblí chun freastal ar na riachtanais a bhíonn ag déimeagrafach atá ag athrú.



# Tá poistphoiblí mar chéad rogha do chliaint

## Faoi mhí an Mheithimh 2028, beidh na nithe seo a leanas bainte amach againn:

- Cuirfidh muid seirbhís ar ardchaighdeán ar fáil i gcónaí, bainfidh muid spriocanna dúshlánacha amach maidir le tréimhsí earcaíochta, maidir le caighdeán na socrúchán, maidir le barr feabhais seirbhíse agus maidir le sástacht na gcliant.
- Forbróidh muid comhpháirtíochtaí straitéiseacha chun seirbhísí saincheaptha agus pearsantaithe a chur ar fáil do chliaint agus do bhainisteoirí earcaíochta chun freastal ar a riachtanais, a bhíonn ag síorathrú.
- Feidhmeoidh muid mar cheannaire sa mhargadh do chliaint chun a bpróifíl mar fhostóir a chur chun cinn agus chun iarrthóirí cumasacha a mhealladh.
- Déanfaidh muid iarracht i gcónaí muid féin a fheabhsú, tabharfaidh muid freagairt ghníomhach ar riachtanais na gcliant de réir mar a thagann siad chun solais trí aiseolas fíor-ama agus trí theagmháil dhíreach.
- Beidh muid aitheanta de bharr ár saineolais earcaíochta dhomhain agus fhairsing, rud a chinnteoidh go mbeidh muinín ag daoine asainn agus go dtuigfear ár luach sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí.
- Cinnteoidh muid go bhfuil tuiscint chuimsitheach ag ár gcliaint ar agus go nglacann siad freagracht as an ról tábhachtach a bhíonn acu maidir le dea-thorthaí earcaíochta a bhaint amach.



# Is le poistphoiblí **a chuireann cuardaitheoirí poist tús lena gcuardach**

Tá sé mar aidhm againn a bheith mar ionad de rogha do chuardaitheoirí poist, agus mealladh tallainne a chur chun cinn trí bhranda láidir, trí luach fostóirí a chur chun tosaigh, agus trí dheiseanna gairme éagsúla. Trí mhuinín, fheiceálacht agus theagmháil a chothú, tabharfaidh muid cumhacht d'iarrthóirí trí thaithí earcaíochta phearsantaithe agus shaoráideach, chun a chinntiú go dtuigeann siad go bhfuil meas orthu, go mbraitheann siad muiníneach, agus go bhfuil siad ceangailte le hobair fhiúntach sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí.

**Faoi mhí an Mheithimh 2028, beidh na nithe seo a leanas bainte amach againn:**

- Beidh muid aitheanta mar ionad de rogha do chuardaitheoirí poist, a thagann chugainn de bharr na ngairmeacha éagsúla a bhíonn ar fáil.
- Beidh muinín ag iarrthóirí asainn maidir le taithí earcaíochta den chéad scoth atá ionchuimsitheach agus pearsantaithe a chur ar fáil.
- Cinnteoidh muid go gcuireann ár bpróiseas earcaíochta na hiarrthóirí is fearr ar fáil do ghairmeacha fiúntacha sa tseirbhís phoiblí i gcónaí.
- Beidh muid aitheanta mar cheannaire i dtaca le straitéisí earcaíochta ionchuimsitheacha a chuireann daoine éagsúla ar fáil don tseirbhís phoiblí ag a bhfuil an cumas, ar a bhfuil an dea-cháil, agus ag a bhfuil an díograis chun soláthar ar son na hÉireann.
- Cuirfidh muid ár straitéis Mhealltа Tallainne chun cinn trí aiseolas fíor-ama, trí theagmháil dhíreach le cliaint agus le hiarrthóirí, agus trí fhaisnéis faoin margadh fostaíochta.
- Bainfidh muid leas as ár saineolas, as réitigh earcaíochta nuálacha, agus as comhpháirtíochtaí straitéiseacha chun teagmháil a dhéanamh le grúpa leathan iarrthóirí ina bhfuil éagsúlacht le brath agus chun iad a mhealladh.



# Is é poistphoiblí **an t-ionad barr feabhais d'earcaíocht seirbhíse poiblí**

Thug an Chónaidhm Fostaíochta agus Earcaíochta agus Gradaim na Státseirbhíse um Barr Feabhais agus Nuálaíocht aitheantas do poistphoiblí maidir le nuálaíocht, agus thug Inclusio aitheantas do poistphoiblí maidir le barr feabhais san Éagsúlacht, sa Chomhionannas agus san Ionchuimsiú (ÉCI). Tá sé mar aidhm againn a bheith chun tosaigh maidir le hearcaíocht earnála poiblí in Éirinn. Trí nuálaíocht agus dhea-chleachtas earcaíochta, agus trínár dtaighde agus ár dtuiscintí a roinnt, múnlóidh muid todhchaí an bhairr feabhais earcaíochta sa tseirbhís phoiblí.

**Faoi mhí an Mheithimh 2028, beidh na nithe seo a leanas bainte amach againn:**

- Beidh muid aitheanta de bharr go mbaineann muid úsáid as modheolaíochtaí earcaíochta forásacha agus as próisis earcaíochta struchtúrtha.
- Bainfidh muid an leas is fearr as teicneolaíocht chun a chinntiú go bhfuil na pointí teagmhála le cliaint agus le hiarrthóirí saoráideach agus sothuigthe, agus roinnfidh muid cleachtaí atá foghlamtha againn leis an Státseirbhís agus leis an tSeirbhís Phoiblí.
- Cuirfidh muid ár seirbhísí taighde agus comhairleacha ar bhonn foirmiúil chun cur le polasaithe, chun tuiscintí a roinnt, agus chun feidhmiú mar chomhairleoir iontaofa chun cur le straitéisí earcaíochta.
- Coinneoidh muid gréasán fairsing a chuireann dea-chleachtas earcaíochta chun cinn sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí.

## Áisitheoirí i dtaca le Barr Feabhais san Earcaíocht



# Ár n-áisitheoirí

Léiríonn na scóir arda a fhaigheann muid sa Suirbhé le Fostaithe na Státseirbhíse i réimsí éagsúla, m.sh. teagmháil le fostaithe, ceannaireacht, folláine agus cumas, ár dtiomantas i dtaca le tús áite a thabhairt do chultúr dearfach agus dinimiciúil san ionad oibre. Cuirtear feabhsú leanúnach chun cinn in poistphoiblí, aithnítear gur féidir le cultúr san ionad oibre ina bhfuil rannpháirtíocht chun tosaigh, le húsáid acmhainní, le rialachas láidir, agus le teicneolaíocht chlaochlaitheach cabhrú linn ár dtosaíochtaí straitéiseacha, ár misean, agus ár bhfís a bhaint amach

**Faoi mhí an Mheithimh 2028, beidh na nithe seo a leanas bainte amach againn:**

- Feidhmeoidh muid mar cheannairí maidir le cultúr san ionad oibre, beidh riachtanais ár ndaoine mar bhonn faoin obair a dhéanann muid agus cuirfidh ár luachanna agus ár dtosaíochtaí le gach cinneadh a dhéantar, le tacaíocht ó cheannaireacht ionchuimsitheach.
- Cuirfidh muid ról an earcaitheora agus prionsabail na seirbhíse do chustaiméirí chun cinn inár n-eagraíocht.
- Coinneoidh muid córas solúbtha inmheánach i dtaca le hacmhainní a fháil agus bainfidh muid an leas is fearr as acmhainní, chun tacú lenár gcumas dul i ngleic le dúshláin agus le héilimh nach rabhthas ag súil leo.
- Bainfidh muid leas as teicneolaíocht, sonraí agus na hinniúlachtaí cúnta a bhaineann leis an IS chun éifeachtacht a chur chun cinn agus chun próisis a athdhearadh, chun an leas is fearr a bhaint as soláthar seirbhíse.
- Cuirfidh muid ár seirbhísí ar fáil ar bhealach inbhuanaithe, agus laghdóidh muid an tionchar a bhíonn againn ar an timpeallacht trí úsáid fhreagrach a bhaint as acmhainní.
- Oibreoidh muid faoi struchtúir láidre rialachais agus mhaoirseachta a chinntíonn leasuithe iontaofa, inbhuanaithe a bhfuil luachanna taobh thiar dóibh.



# Ár slata tomhais maidir le torthaí a bhaint amach

Tá muid tiomanta do fhreagracht a ghlacadh as ár soláthar seirbhíse agus forbróidh muid bearta éifeachtacha chun feidhmíocht agus sástacht na gcliant agus na n-iarrthóirí a rianú agus tuairisceoidh muid na staitisticí sin go poiblí. Tá muid tiomanta dár seirbhísí earcaíochta a chur ar fáil de réir na dtréimhsí ama a aontaítear le cliaint. Tabharfaidh muid aghaidh ar dhúshláin earcaíochta chun ár misean, is é sin daoine éagsúla a earcú don tseirbhís phoiblí ag a bhfuil an cumas, ar a bhfuil an dea-cháil agus ag a bhfuil an díograis chun soláthar ar son na hÉireann, a bhaint amach.

Chun cumas eagraíochta agus barr feabhais seirbhíse a fhorbairt, cuirfear an straitéis seo i bhfeidhm trí chlár oibre straitéiseach cuimsitheach agus trí straitéisí a chlúdóidh réimsí éagsúla, .i. daoine, nuálaíocht, sonraí, cúrsaí digiteacha, margaíocht, agus Creat Rialachais Timpeallachta agus Sóisialta. Déanfaidh muid iarracht ghníomhach aiseolas a fháil ó chliaint agus ó iarrthóirí agus cuirfidh muid bearta i bhfeidhm bunaithe ar an aiseolas seo chun feabhas a chur ar ár seirbhís.  Déanfaidh muid ár ndul chun cinn a mheas trí úsáid a bhaint as réimse de mhodhanna cáilíochtúla agus cainníochtúla agus déanfar monatóireacht chomhionannais a chomhtháthú inár bpróiseas tuairiscithe oibríochta.

**85%**
Cuirfear 85% d'fheachtais earcaíochta i gcrích laistigh den tréimhse ama a aontaítear le cliaint

**85%**
Líonfar 85% de phoist ghinearálta laistigh den tréimhse ama a aontaítear

**85%**
Beidh 85% de chliaint sásta le caighdeán na gceapachán

**90%**
Beidh 90% de chliaint sásta leis an tseirbhís a chuireann poistphoiblí ar fáil

**85%**
Beidh 85% d'iarrthóirí sásta leis an tseirbhís a chuireann poistphoiblí ar fáil

**10%**
Méadú 10% i sástacht iarrthóirí leis an gcumarsáid a dhéanann muid leo

## Tuiscint a chinntiú

A chinntiú go bhfuil **tuiscint** ag daoine ar poistphoiblí mar thairseach do dheiseanna sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí, go háirithe daoine san earnáil phríobháideach.

poistphoiblí
publicjobs